UA & UB AGUS SOCHAIR THÁNAISTEACHA

2006

Chun tuilleadh eolais a fháil, déan teagmháil leis an INOU
ar (01) 856 0088 nó ríomhphost: welfare@inou.ie

# SPLÉACHADH AR THEIDLÍOCHTAÍ

| Sochair Thánaisteacha | Íocaíocht Dífhostaíochta | Coinníollacha Incháilitheachta |
|---|---|---|
| **Forlíonadh Cíosa**<br>Tástáil Maoine | **UA / UB** | • Arna riaradh ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (Oifigeach Leasa Pobail)<br>• D'fhéadfadh duine a bheith i dteideal Forlíonadh Cíosa má tá sé/sí ag obair go páirtaimseartha (níos lú ná 30 uair an chloig sa tseachtain)<br>• Ní dhéantar an chéad €60 den ioncam ó fhostaíocht pháirtaimseartha a mheas i gcoinne Forlíonadh Cíosa<br>• Déantar ioncam i ndiaidh €60 agus suas le €90 a mheas ag 50%<br>• I ndiaidh €90 is ionann gach €1 a thuilltear agus laghdú €1 ar an bhForlíonadh Cíosa |
| **An Scéim um Chóiríocht ar Cíos (RAS)** | **UA / UB** | • Is ann don Scéim um Chóiríocht ar Cíos do dhaoine a bhfuil riachtanais fhadtréimhseacha chóiríochta acu (níos faide ná 18 mí)<br>• Na hÚdaráis Áitiúla a riarann – Leis an Údarás Áitiúil a íoctar an cíos, ní leis an tiarna talún<br>• Maidir le hioncam breise ó fhostaíocht, déanfar é a mheas ar bhealach cosúil leis an scéim um Chíos Difreálach |
| **Cárta Leighis**<br>**Cárta Coinne Dochtúra**<br>Tástáil Maoine | **UA / UB** | • Arna riaradh ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte<br>• Na daoine sin arb é an t-aon ioncam atá acu ná íocaíocht mhaointástáilte, beidh siad cáilithe dó seo fiú amháin más airde í ná na treoirlínte i dtaca le hioncam (Cárta Leighis amháin).<br>• Na daoine sin a fhaigheann íocaíochtaí UB agus Sochair eile, ní bheidh siad incháilithe go huathoibríoch (Cárta Leighis amháin). |
| **An Liúntas Éadaí agus Bróg um Fhilleadh ar Scoil** Tástáil Maoine | **UA / UB** | • Arna riaradh ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (Oifigeach Leasa Pobail) |
| **Bónas na Nollag** | **UA** Fadtréimhseach | • Arna riaradh ag an Roinn Gnóthaí Sóisialacha, Pobail agus Teaghlaigh (DSFA)<br>• Íoctar go huathoibríoch de ghnáth le daoine a bhíonn ag fáil íocaíochtaí fadtréimhseacha UA |
| **Liúntas Breosla** | **UA** Fadtréimhseach | • Arna riaradh ag an DSFA de ghnáth, mura mbíonn duine dífhostaithe ag fáil íocaíocht ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte |
| **Liúntas Breosla saor ó Dheatach** | **UA nó UB** ar feadh 13 seachtaine ar a laghad | • Arna íoc ag an DSFA i gceantair bhreosla saor ó dheatach |
| **Forlíonadh Bia-aiste** | **UA / UB** | • Arna riaradh ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (Oifigigh Leasa Pobail) |
| **Cíos Difreálach** | **UA / UB** | • Laghdaítear/méadaítear Cíos Difreálacha de réir ioncaim. (Arna riaradh ag Údaráis Áitiúla) |